C/2025/2277

25.7.2025

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN

lena mbunaítear treoirlínte maidir le teimpléid nochta réamheisiúna d'eisitheoirí bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de nó bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht

(C/2025/2277)

Réamhrá

Chun go mbeidh an tAontas aeráidneodrach faoi 2050, beidh gá le hinfheistíocht shuntasach, idir phoiblí agus phríobháideach. Tá ról tábhachtach ag bannaí glasa i dtaca le cistiú an aistrithe sin, ós rud é go gcuirtear ar a cumas don earnáil phoiblí, mar aon le heisitheoirí corparáideacha agus airgeadais, an cistiú a theastaíonn uathu a thiomsú chun a ngníomhaíochtaí a dhéanamh níos inbhuanaithe a bhuí leis na bannaí sin. Chun tacú lena n-iarrachtaí, chruthaigh an tAontas an Caighdeán Bannaí Glasa Eorpacha ([1]). Leis an uirlis dheonach nua sin, cuirtear 'caighdeán óir' ar fáil d'eisitheoirí atá ag iarraidh a dtiomantas do Thacsanomaíocht an Aontais ([2]) agus do thodhchaí ísealcharbóin a léiriú. Is comhlánú é an Caighdeán Bannaí Glasa Eorpacha ar na caighdeáin atá ann cheana le haghaidh ionstraimí den sórt sin, agus tá sé d'aidhm aige an trédhearcacht a mhéadú, infheisteoirí a chur ar a suaimhneas agus uaillmhianta a ardú sa mhargadh ar an iomlán.

Is mó ná sin iarrachtaí an Aontais, áfach. Leagtar béim sa Rialachán lena mbunaítear an Caighdeán Bannaí Glasa Eorpacha ar a thábhachtaí atá sé uirlisí breise a sholáthar d'eisitheoirí. Ceanglaítear leis ar an gCoimisiún Eorpach teimpléid dheonacha a fhorbairt le haghaidh nochtaí réamheisiúna agus iareisiúna i leith bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht. I láthair na huaire, ní ann d'aon fhormáid chaighdeánaithe oifigiúil lena gcuirfí ar a gcumas d'eisitheoirí a léiriú conas atá na fáltais ó na bannaí sin á leithdháileadh acu ar ghníomhaíochtaí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht. Tá na teimpléid dheonacha nua ceaptha chun an bhearna sin a dhúnadh, rud a fhágann gur féidir le heisitheoirí, ar mian leo úsáid éigin a bhaint as an Tacsanomaíocht ar a laghad, é sin a dhéanamh trí bhíthin nochtaí caighdeánaithe, agus a thacaíonn le hinfheisteoirí atá ag lorg rochtain éasca iontaofa ar an bhfaisnéis sin. Ar an gcaoi sin, rannchuidíonn na teimpléid sin le straitéis an Choimisiúin Eorpaigh um an ualach riaracháin agus an costas comhlíontachta atá ann faoi láthair a laghdú mar gheall ar easpa nochtaí struchtúrtha comhchuibhithe. Dá bhrí sin, is féidir ról tábhachtach a bheith ag na teimpléid maidir le caighdeánú agus uaillmhian sa mhargadh a spreagadh a thuilleadh, rud a chuideoidh le dul i ngleic leis an nglas-snasú, muinín a chothú agus úsáid bannaí glasa a chothú – agus an tráth céanna, an riosca go gcuirfí ró-ualach ar eisitheoirí a sheachaint a bhuí le cineál deonach na nochtaí.

Leagtar amach sa Teachtaireacht seo treoirlínte neamhcheangailteacha maidir le nochtaí réamheisiúna (ar a dtugtar bileoga fíricí freisin) ar féidir le heisitheoirí bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de nó bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht a úsáid agus a fhoilsiú in éineacht lena ndoiciméadacht eile a bhaineann leis na bannaí sin. Leagtar amach na teimpléid sna Foscríbhinní a ghabhann leis an Teachtaireacht seo. Bunaítear teimpléid dheonacha le haghaidh nochtaí iareisiúna tréimhsiúla trí Rialachán Tarmligthe ar leithligh ón gCoimisiún, mar atá, Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/753 ([3]).

Inneachar

Chun comhsheasmhacht leis an gCaighdeán Bannaí Glasa Eorpacha a áirithiú, na treoirlínte seo agus na teimpléid le haghaidh nochtaí réamheisiúna i leith bannaí den sórt sin, is comhlánú iad ar na ranna ábhartha den teimpléad le haghaidh bhileog fíricí an Bhanna Ghlais Eorpaigh a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir le Caighdeán Bannaí Glasa Eorpacha.

Na heisitheoirí a chinneann na teimpléid a úsáid, ba cheart dóibh iad a líonadh isteach mar a léirítear. An fhaisnéis a sholáthraítear, ba cheart í a bheith ina léiriú ar intinn na n-eisitheoirí bunaithe ar na sonraí atá ar fáil tráth eisiúna an bhanna.

Gan beann ar cibé acu a eisíonn eisitheoirí bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de nó bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht, ba cheart do gach eisitheoir a úsáideann na teimpléid a léiriú an bhfuil sé beartaithe acu úsáid a bhaint as athbhreithneoir seachtrach agus as na teimpléid le haghaidh nochtaí iareisiúna tréimhsiúla a bhunaítear sa Rialachán Tarmligthe ábhartha.

([1]) Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 maidir le Bannaí Glasa Eorpacha agus nochtaí roghnacha le haghaidh bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus le haghaidh bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht (IO L, 2023/2631, 30.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2631/oj).

([2]) Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/753 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí inneachar, modheolaíochtaí agus cur i láthair na faisnéise atá le nochtadh go deonach ag eisitheoirí bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de nó bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht sna teimpléid le haghaidh nochtaí iareisiúna tréimhsiúla a bhunú (IO L, 2025/753, 16.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/753/oj).

Foilsiú agus formáid

I gcomhréir le hathruithe ar an Rialachán maidir le Réamheolairí ([4]), ba cheart d'eisitheoirí a chinneann na teimpléid a úsáid nochtaí roghnacha ábhartha a áireamh sa réamheolaire ábhartha (sna cásanna sin ina gceanglaítear orthu réamheolaire a eisiúint faoin Rialachán maidir le Réamheolairí ([5])).

Eisitheoirí bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de nó bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht a úsáideann na teimpléid dheonacha le haghaidh nochtadh réamheisiúna, ba cheart dóibh na nochtaí sin a fhoilsiú ar a suíomhanna gréasáin. Ba cheart na nochtaí a bheith ar fáil, saor in aisce, go dtí go mbeidh 12 mhí ar a laghad caite tar éis aibíocht na mbannaí sin. Ba cheart aon leasú nó aon cheartúchán ar an mbileog fíricí a áireamh leo.

An fhaisnéis sna nochtaí réamheisiúna, ba cheart í a chur ar fáil, de rogha an eisitheora, i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta nó, i gcás ina dtairgtear na bannaí don phobal nó nach ligtear isteach iad chun a dtrádála ach in aon Bhallstát amháin, i dteanga a nglacann údarás inniúil an Bhallstáit sin léi; i gcás ina ndéanfar na bannaí a thairiscint don phobal nó a ligean isteach chun a dtrádála in dhá Bhallstát nó níos mó, i dteanga a nglacann údarás inniúil gach ceann de na Ballstáit sin léi.

Sna cásanna sin inar foilsíodh réamheolaire le haghaidh na mbannaí de bhun an Rialacháin maidir le Réamheolairí, ba cheart an fhaisnéis atá sna teimpléid a leagtar amach sa Teachtaireacht seo a sholáthar i dteanga nó i dteangacha an réamheolaire sin.

Ba cheart eisitheoirí a bheith in ann na teimpléid a áirítear sa Teachtaireacht seo a úsáid ó dháta a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([4]) Rialachán (AE) 2024/2809 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/1129, (AE) Uimh. 596/2014 agus (AE) Uimh. 600/2014 chun margaí caipitil poiblí san Aontas a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí agus chun rochtain ar chaipiteal a éascú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (IO L, 2024/2809, 14.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2809/oj).

([5]) Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/71/CE (IO L 168, 30.6.2017, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1129/oj).

Foscríbhinn 1

TEIMPLÉAD LE HAGHAIDH NOCHTAÍ RÉAMHEISIÚNA (BILEOG FÍRICÍ) I LEITH BANNAÍ A MHARGAÍTEAR MAR BHANNAÍ ATÁ INBHUANAITHE Ó THAOBH AN CHOMHSHAOIL DE

Níl an doiciméad seo ná a bhfuil ann faoi réir aon fhormheasa ná aon fhormhuinithe ag aon údarás inniúil.

1. **Faisnéis ghinearálta** ([1])

— [Dáta foilsithe na bileoige fíricí]

— [Ainm dlíthiúil an eisitheora]

— [I gcás ina bhfuil fáil air, aitheantóir eintitis dhlítheanaigh (AED) an eisitheora]

— [Seoladh suímh gréasáin a thugann faisnéis d'infheisteoirí maidir le conas teagmháil a dhéanamh leis an eisitheoir]

— [I gcás ina bhfuil fáil air, ainm an bhanna/na mbannaí arna shannadh ag an eisitheoir]

— [I gcás ina bhfuil siad ar fáil, uimhreacha aitheantais urrús idirnáisiúnta (ISIN) an bhanna/na mbannaí]

— [I gcás ina bhfuil sé ar fáil, an dáta nó an tréimhse eisiúna atá beartaithe]

— [Más infheidhme, ainm an údaráis inniúil a d'fhormheas an réamheolaire bannaí nó na réamheolairí bannaí]

— [Ráiteas maidir le cé acu atá nó nach bhfuil sé beartaithe ag an eisitheoir úsáid a bhaint as athbhreithneoir seachtrach le haghaidh nochtaí iareisiúna tréimhsiúla agus, i cás inarb infheidhme, ainm an athbhreithneora sheachtraigh sin]

— [Ráiteas maidir le cé acu atá nó nach bhfuil sé beartaithe ag an eisitheoir úsáid a bhaint as na teimpléid dheonacha le haghaidh nochtaí iareisiúna tréimhsiúla a bhunaítear le Rialachán Tarmligthe] (AE) 2025/753.

2. **Straitéis i leith an chomhshaoil agus réasúnaíocht**

Forbhreathnú

— [Faisnéis maidir leis an gcaoi a mheastar a rannchuideoidh an banna/na bannaí le straitéis chomhshaoil níos leithne an eisitheora, lena n-áirítear an cuspóir comhshaoil nó na cuspóirí dá dtagraítear in in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2020/852 ([2]) arna shaothrú/arna saothrú leis an mbanna/na bannaí]

Nasc leis na heochairtháscairí feidhmíochta maidir le sócmhainní, láimhdeachas, caiteachas caipitiúil (CapEx), agus caiteachas oibriúcháin (OpEx)

— [A mhéid atá sé ar fáil don eisitheoir tráth na heisiúna agus i gcás ina mbeidh an t-eisitheoir faoi réir na hoibleagáide faisnéis a nochtadh de bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852, an bealach a mheastar a rannchuideoidh fáltais ó bhannaí le hailíniú an eisitheora leis an tacsanomaíocht maidir le láimhdeachas, caiteachas caipitiúil agus caiteachas oibriúcháin]

Nasc chuig pleananna um aistriú

— [I gcás ina bhfuil an t-eisitheoir faoi réir oibleagáide pleananna a fhoilsiú de bhun Airteagal 19a(2), pointe (a)(iii), nó, i gcás inarb infheidhme, Airteagal 29a(2), pointe (a)(iii), de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), nó i gcás ina bhfoilsíonn an t-eisitheoir pleananna um aistriú dá dheoin féin:

— an bealach a mheastar a rannchuideoidh fáltais ó bhannaí le cistiú agus le cur chun feidhme na bpleananna sin; agus

— nasc chuig an suíomh gréasáin ar a bhfoilsítear na pleananna sin.]

([1]) Ó dháta chur i bhfeidhm na Rialachán Tarmligthe lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/2809 lena sonraítear an ceanglas atá ar eisitheoirí a úsáideann na teimpléid seo faisnéis ábhartha atá iontu a ionchorprú sa réamheolaire (i gcás ina bhfuil oibleagáid orthu réamheolaire a eisiúint), ba cheart Roinn 1 a bheith roghnach le haghaidh eisitheoirí a gceanglaítear orthu réamheolaire den sórt sin a fhoilsiú seachas an dá fhleasc dheireanacha.

([2]) Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj).

([3]) Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/34/oj).

3. **Leithdháileadh beartaithe na bhfáltas ó bhannaí**

[Soláthrófar an fhaisnéis a liostaítear thíos ar leibhéal na gníomhaíochta eacnamaíche ar a laghad, agus go hidéalach ar leibhéal an tionscadail nó an ghrúpa tionscadal. D'fhéadfadh comhaontuithe rúndachta, breithnithe iomaíocha nó líon mór tionscadal cáilitheach bunúsach agus breithnithe comhchosúla a bheith ina n-údar le teorainn a chur leis an méid sonraí a chuirtear ar fáil.]

Leithdháileadh beartaithe ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ailínithe le tacsanomaíocht

— [Cibé acu atá sé beartaithe ag an eisitheoir fáltais a leithdháileadh de réir cur chuige céimseach nó ar phunann sócmhainní, agus cé acu is banna/bannaí urrúsúcháin é/iad an banna/na bannaí urrúsúcháin, nó nach ea]

— [An cion íosta d'fháltais ó bhannaí atá le húsáid le haghaidh gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2020/852, de réir na modheolaíochta atá le húsáid sna nochtaí iareisiúna tréimhsiúla: íosmhéid [XX] % de na fáltais ó bhannaí]

— [I gcás ina bhfuil fáil air, léiriú ar sciar na bhfáltas ó bhannaí atá le húsáid le haghaidh maoiniú (i mbliain na heisiúna nó tar éis bhliain na heisiúna) agus le haghaidh athmhaoiniú]

— [Maidir le gach ceann de na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhfuil sé beartaithe fáltais a leithdháileadh orthu, faisnéis maidir lena gcineálacha, lena n-earnálacha, agus lena gcóid NACE faoi seach i gcomhréir leis an aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4])]

— [I gcás inarb eisitheoir ceannasach é an t-eisitheoir, agus ina bhfuil sé beartaithe fáltais ó bhannaí a leithdháileadh ar fhaoiseamh cánach, fóirdheontais, tomhaltas idirmheánach, aistrithe reatha laistigh de rialtas nó comhar idirnáisiúnta nó cineálacha eile caiteachais phoiblí, tuairisc shoiléir ar an leithdháileadh atá beartaithe ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus cuspóirí atá ailínithe le tacsanomaíocht]

Próiseas agus amlíne maidir le leithdháileadh

— [An t-achar ama measta tar éis bannaí a eisiúint go dtí leithdháileadh iomlán na bhfáltas ó bhannaí.]

— [Tuairisc ar na próisis trína ndéanfaidh an t-eisitheoir amach cén chaoi a dtagann nó nach dtagann tionscadail leis na critéir i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2020/852 ('na ceanglais maidir le tacsanomaíocht')]

Eisiaimh

— [Ráiteas [tá/níl] maidir le cé acu atá nó nach bhfuil leithdháileadh fáltas ar ghníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún ([5]) eisiata leis an mbanna, arna chomhlánú go roghnach le tuairisc ghearr/míniú gearr]

4. **Tionchar comhshaoil na bhfáltas ó bhannaí**

— [Más ann dóibh, tuairisc ar thionchair chomhshaoil na bhfáltas ón mbanna/ó na bannaí. I gcás nach bhfuil fáil ar an bhfaisnéis sin, ní mór údar a thabhairt leis sin.]

D'fhéadfaí a áireamh san fhaisnéis a nochtar anseo méadrachtaí sonracha amhail Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (GCT) a seachnaíodh (tCO2e), toilleadh fuinnimh in-athnuaite a suiteáladh (arna thomhas in MW, laghdú ar ídiú fuinnimh (MWh) agus/nó laghdú ar dhéine fuinnimh (MWh in aghaidh an aonaid táirgthe), laghdú ar aistarraingt uisce (m^3) agus/nó laghdú ar dhéine uisce (m^3 in aghaidh an aonaid táirgthe), laghdú ar dhramhaíl a ghintear (tonaí méadracha) agus laghdú ar dhramhaíl ghuaiseach agus neamhghuaiseach (tonaí méadracha), laghdú ar an achar talún a ndéantar difear dó (ha) nó ar mhéid na talún a athbhunaítear (ha) a bhaineann le tionchair bhithéagsúlachta.

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh ghníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle, chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le híoschaighdeáin i ndáil le Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras (IO L 406, 3.12.2020, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/1818/oj).

5. **Faisnéis faoi thuairisciú**
— [Nasc chuig suíomh gréasáin an eisitheora]
— [I gcás inarb infheidhme, nasc chuig tuarascálacha ábhartha an eisitheora, amhail an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite nó an tuarascáil inbhuanaitheachta chomhdhlúite de bhun Threoir 2013/34/AE]
— [Léiriú ar cé acu a áireofar nó nach n-áireofar i nochtaí iareisiúna tréimhsiúla faisnéis tionscadal ar thionscadal maidir leis na méideanna a leithdháileadh agus na tionchair chomhshaoil a bhfuil coinne leo]
6. **Faisnéis ábhartha eile**

[I gcás banna urrúsúcháin, déanfar tagairtí sa doiciméad seo don eisitheoir a fhorléiriú mar thagairtí don tionscnóir de réir mar is iomchuí agus, i gcás inarb iomchuí, cuirfear tagairtí don tionscnóir ina n-ionad.]

Foscríbhinn 2

TEIMPLÉAD LE HAGHAIDH NOCHTAÍ RÉAMHEISIÚNA (BILEOG FÍRICÍ) I LEITH BANNAÍ ATÁ NASCTHA LE HINBHUANAITHEACHT

Níl an doiciméad seo ná a bhfuil ann faoi réir aon fhormheasa ná aon fhormhuinithe ag aon údarás inniúil.

1. **Faisnéis ghinearálta** ([1])

— [Dáta foilsithe na bileoige fíricí]

— [Ainm dlíthiúil an eisitheora]

— [I gcás ina bhfuil fáil air, aitheantóir eintitis dhlítheanaigh (AED) an eisitheora]

— [Seoladh suímh gréasáin a thugann faisnéis d'infheisteoirí maidir le conas teagmháil a dhéanamh leis an eisitheoir]

— [I gcás ina bhfuil fáil air, ainm an bhanna/na mbannaí arna shannadh ag an eisitheoir]

— [I gcás ina bhfuil siad ar fáil, uimhreacha aitheantais urrús idirnáisiúnta (ISIN) an bhanna/na mbannaí]

— [I gcás ina bhfuil sé ar fáil, an dáta nó an tréimhse eisiúna atá beartaithe]

— [I gcás inarb infheidhme, ainm an údaráis inniúil a d'fhormheas an réamheolaire bannaí nó na réamheolairí bannaí]

— [Ráiteas maidir le cé acu atá nó nach bhfuil sé beartaithe ag an eisitheoir úsáid a bhaint as athbhreithneoir seachtrach le haghaidh nochtaí iareisiúna tréimhsiúla agus, i cás inarb infheidhme, ainm an athbhreithneora sheachtraigh sin]

— [Ráiteas maidir le cé acu atá nó nach bhfuil sé beartaithe ag an eisitheoir úsáid a bhaint as na teimpléid dheonacha le haghaidh nochtaí iareisiúna tréimhsiúla a bhunaítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/753].

2. **Straitéis i leith an chomhshaoil agus réasúnaíocht**

— [Saintréithe tábhachtacha an bhanna]

— [Tuairisc ar an réasúnaíocht agus ar leibhéal uaillmhéine an bhanna]

— [Tuairisc ar ábharthacht agus ar mhodheolaíocht ríofa na n-eochairtháscairí feidhmíochta agus spriocanna feidhmíochta inbhuanaitheachta gaolmhara arna leagan síos ag an eisitheoir]

— [Ráiteas i dtaobh cibé acu atá na heochairtháscairí feidhmíochta sin faoi réir athbhreithniú seachtrach, iniúchadh comhshaoil nó tuairim thánaisteach eile agus, i gcás inarb infheidhme, ainm an eintitis atá freagrach as an athbhreithniú sin nó as an tuairim sin]

— [I gcás inarb ábhartha, an modh ina bhfuil an banna nasctha le láimhdeachas, caiteachas caipitiúil agus caiteachas oibriúcháin an eintitis atá ailínithe le tacsanomaíocht trí Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 ón gCoimisiún ([2]) a chur i bhfeidhm]

— [Tuairisc ar struchtúr na mbannaí, lena n-áirítear an sásra coigeartaithe cúpóin]

Forbhreathnú

— [Faisnéis maidir leis an gcaoi a bhfuiltear ag súil go gcuirfidh an banna/na bannaí le straitéis chomhshaoil níos leithne an eisitheora, lena n-áirítear an cuspóir/na cuspóirí comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2020/852 arna saothrú ag an mbanna/na bannaí.]

Nasc chuig pleananna um aistriú

— [I gcás ina bhfuil an t-eisitheoir faoi réir oibleagáide pleananna a fhoilsiú de bhun Airteagal 19a(2), pointe (a)(iii), nó, i gcás inarb infheidhme, Airteagal 29a(2), pointe (a)(iii), de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, nó i gcás ina bhfoilsíonn an t-eisitheoir pleananna um aistriú dá dheoin féin:

— an bealach a mheastar a rannchuideoidh fáltais ó bhannaí le cistiú agus le cur chun feidhme na bpleananna sin; agus

— nasc chuig an suíomh gréasáin ar a bhfoilsítear na pleananna sin.]

([1]) Ó dháta chur i bhfeidhm na Rialachán Tarmligthe lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/2809 lena sonraítear an ceanglas atá ar eisitheoirí a úsáideann na teimpléid seo faisnéis ábhartha atá iontu a ionchorprú sa réamheolaire (i gcás ina bhfuil oibleagáid orthu réamheolaire a eisiúint), ba cheart Roinn 1 a bheith roghnach le haghaidh eisitheoirí a gceanglaítear orthu réamheolaire den sórt sin a fhoilsiú seachas an dá fhleasc dheireanacha.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 ón gCoimisiún an 6 Iúil 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí ábhar agus cur i láthair na faisnéise le nochtadh ag gnóthais faoi réir Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE a bhaineann le gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus ina sonraítear an mhodheolaíocht chun an oibleagáid nochta sin a chomhlíonadh (IO L 443, 10.12.2021, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/2178/oj).

3. **Faisnéis faoi thuairisciú** — [Nasc chuig suíomh gréasáin an eisitheora] — [I gcás inarb infheidhme, nasc chuig tuarascálacha ábhartha an eisitheora, amhail an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite nó an tuarascáil inbhuanaitheachta chomhdhlúite de bhun Threoir 2013/34/AE]
4. **Faisnéis ábhartha eile**